Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0037

Leasú a dhéanamh ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Feabhra 2026 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (5470/2026 – C10-0023/2026 – 2025/3500(APP))

(An nós imeachta reachtach speisialta – toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtrialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ,lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (5470/2026),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 312(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 106a den Chonradh lena mbunaítear an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach(C10-0023/2026),

– ag féachaint do Rialacha 94, 107(1) agus (4) agus 170(6) dá Rialacha Nós Imeachta, [4]

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtrialachán ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.